Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 22

09 Márta 2018

Turas chuig an Zú

Chuaigh daltaí 2P chuig Zú Bhaile Átha Cliath le Marcas agus Clár ar an gCéadaoin. Bhí siad ann mar chuid dá dtionscnamh OSSP don Teastas Sóisearach.

Bhí deis acu dul ar shiúlóid timpeall ar an zú ar maidin. D'fhreastail siad ar cheardlann san ionad oideachais ansin agus d'fhoghlaim siad faoina ról mar mhaoirseoirí ar an domhan seo. Phléigh siad an tábhacht a bhaineann leis na hainmhithe a gcoimeád beo, dea-chleachtas maoirseoireachta i measc zúnna, agus na buntáistí a bhaineann le zúnna agus le páirceanna náisiúnta.

Chríochnaigh an turas le cuairt ar an órang-útan le breis eolas a fháil ar an ainmhí seo agus ar na bealaí gur féidir linn cuidiú leo.

Feachtas

Rachaidh ceathrar daltaí ón scoil go Craobh na hÉireann de Thráth na gCeist Feachtas an tseachtain seo chugainn.

MRB Gnó ag tosú

Cuirfear tús leis an measúnú rang-bhunaithe Gnó an tseachtain seo chugainn. Beidh ceithre seachtaine ag daltaí na dara bliana tionscnamh a ullmhú le chéile.

Tionscnamh grúpa atá ann mar sin tá sé an-tábhachtach go mbeidh na daltaí i láthair don rang Gnó gach lá go deireadh an tionscnaimh.

Beidh MRB le déanamh sa Bhéarla agus san Eolaíocht go luath.

Daltaí i mbun Eolaíochta

Chaith daltaí na tríú bliana dhá lá i mbun oibre ar an leabhrán eolaíochta don Teastas Sóisearach. Baineann 35% de na marcanna don scrúdú oifigiúil leis na turgnaimh seo.

Turas chuig an Iodáil: Tráthnóna Eolais

Beidh tráthnóna eolas ann an Déardaoin seo chugainn (15 Márta) faoin turas scoile chuig an Iodáil. Mairfidh an cruinniú ó 17:30 go 18:00. Ba bhreá linn dá mbeadh na tuistí cuí agus a bpáistí i láthair.

Wolfe Tone

Chuaigh ranganna Staire na dara bliana ar thuras go hUaigh Wolfe Tone le seachtain anuas.

Stoirm Emma

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le David Kelly agus a thochaltóir, Declan, Seán Crowe, Paul Kavanagh ó Green Avenue Landscapes agus Paula Chadwick a d'oibrigh go dian dícheallach ar an Domhnach ionas go mbeadh talamh na scoile slán sábháilte dár ndaltaí agus dár bhfoireann.

Ní raibh coinníollacha taobh amuigh de gheataí na scoile slán go leor chun an scoil a oscailt go dtí an Mháirt. Bhí deis ag an bhfoireann traenáil ar Chosaint Leanaí a dhéanamh agus an scoil dúnta in áit leathlá a thógáil arís.

Rannpháirtíocht Chruthaitheach

Chuaigh an rang Rannpháirtíocht Chruthaitheach ag pacáil málaí in Dunnes Stores ar an Déardaoin le hairgead a bhailiú dá dtionscnamh ranga.

Tionscnamh Staire

Tá tionscnamh Staire ar bhun ag an dara bliain faoi láthair. Tá na tionscnaimh bunaithe ar Gluaiseachtaí Réabhlóideacha san 18ú hAois.

Dátaí Tábhachtacha

12 Márta: Tús le Measúnú Rang-Bhunaithe sa Ghnó (Bliain 2).

15 Márta: Rannpháirtíocht Cruthaitheach ag pacáil Málaí i Dunnes Stores.

19 Márta: Lá Saoire Bainc

24 Márta – 8 Aibreán: Saoire na Cásca.

13 Aibreán: Tús le Measúnú Rang-Bhunaithe san Eolaíocht (Bliain 2).

20 Aibreán: Spriocdháta bailiúchán téacsanna Béarla (Bliain 3).

27 Aibreán: Tús le Measúnú Rang-Bhunaithe Béarla (Bliain 2).

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.



Seanfhocal na Seachtaine: **"Is maith an scáthán súil charad"**

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 22

09 Márta 2018

Trip to the Zoo

Students from 2P went to Dublin Zoo with Marcas and Clár on Wednesday. They went as part of their CSPE project for the Junior Certificate.

The students had an opportunity to go for a walk around the zoo in the morning. They then attended a module in the education centre where they learned about their role as stewards of this planet. The students discussed the importance of keeping the animals alive, good practice in stewardship, and the advantages of zoos and of national parks.

The trip finished with a visit to the orangutan area to learn more about these endangered animals and the ways we can help them.

Feachtas

Four students from the school will compete in the All-Ireland Final of the Feachtas Table Quiz competition during the week.

Business CBA Beginning

The Business Studies Classroom-Based Assessment will begin next week. Second year students will have four weeks to prepare a project together.

This is a group project meaning it's very important the students are present for Business class every day until the end of the project.

English and Science CBAs begin shortly.

Students engaged in Science

Students from third year spent two full days working on their science booklets for the Junior Certificate. 35% of the marks for the official exam are going on these experiments.

Trip to Italy: Information Evening

There will be an information evening for the trip to Italy next Thursday (15th March). The meeting will last from 17:30 until 18:00. Students going on the trip and their parents are to attend the meeting.

Wolfe Tone

Second year History classes all visited the grave of Wolfe Tone during the past week.

Storm Emma

We would like to thank David Kelly and his digger, Declan, Seán Crowe, Paul Kavanagh from Green Avenue Landscapes and Paula Chadwick who worked diligently on Sunday so the school grounds would be safe for our students and our staff.

Unfortunately, conditions outside of the school gates weren't safe enough to open the school until Tuesday. Our staff had the opportunity to complete the Child Protection training during the school closure meaning no further half days will be necessary.

Creative Engagement

The Creative Engagement class went bag packing in Dunnes Stores on Thursday to collect money as part of their group project.

History Project

Second year students are currently working on a History project. The projects are based on the Revolutionary Movements in the 18th Century.

Important Dates

12 March: Business Classroom-Based Assessment begins (Second year).

15 March: Creative Engagement bag packing in Dunnes Stores.

19 March: Bank Holiday.

24 March – 8 April: Easter Break.

13 April: Science Classroom-Based Assessment begins (Second Year).

20 April: Deadline for collection of texts in English (Third Year).

27 April: English Classroom-Based Assessment begins (Second Year).

All up-to-date information available on www.gccd.ie.



Seanfhocal na Seachtaine: "A friend's eye is a good mirror."